Tá ceangail idir an Chomhairle agus an earnáil phobail agus dheonach tríd an Líonra Comhpháirtíochta Pobail. Cuidíonn sí freisin le feidhmiú an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil a bhíonn freagrach as an gcaiteachas pobail a thagann as foinsí náisiúnta a rialú agus a mhaoirsiú.

Bunluachanna

Is iad seo a leanas na bunluachanna a bhíonn mar threoir ag agus a mbíonn comhairleoirí agus foireann Chomhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta dóibh ina ngníomhaíochtaí laethúla.

Luach ar airgead

Úsáidimid ár n-acmhainní go héifeachtach agus déanfaimid ár bhfeidhmíocht a mheasúnú agus a mheas go leanúnach.

Freagracht agus follasacht

Déanfaimid an chumarsáid leis na daoine go hoscailte agus bainfidh follasacht le gach cinneadh a dhéanfar.

Seirbhís ardchaighdeáin

Beifear ábalta teacht ar ár seirbhís, beidh sí cúirtéiseach, comhsheasmhach, neamhchlaonta agus sofhreagrach. Beidh cairt do shaoránaigh i bhfeidhm againn lena n-áireofar córas gearán agus sásaimh chun tacú leis an ngealltanas seo.



Inbhuanaitheacht

Gníomhóimid ar bhealach inbhuanaithe i ndáil le hairgeadas, leis an gcomhshaol, gnóthaí pobail agus saincheisteanna socheacnamaíocha. Is ionann inbhuanaitheacht agus riachtanais mhuintir an lae inniu a shásamh gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta atá le teacht a riachtanais féin a shásamh.

Cuimsitheacht, comhionannas agus rochtain

Tabharfaimid tús áite don chuimsiú sóisialta, do chomhionannas rochtana agus deise, agus do riachtanais na ndaoine is leochailí sa tsochaí nuair a bheidh ár seirbhísí á gceapadh agus á soláthar againn.

Nuálaíocht, cruthaitheacht agus éagsúlacht

Breathnóimid ar bhealaí nua, cruthaitheacha agus éagsúla chun seirbhísí a sholáthar agus fadhbanna a réiteach agus molfaimid do na daoine, na grúpaí agus na heagraíochtaí a mbíimid ag obair leo an cur chuige céanna a bheith acu.

Téamaí

Tháinig líon áirithe téamaí chun cinn le linn na gcomhairliúchán a bhain le hullmhú an phlean seo. Bhí ceangal idir na téamaí seo agus na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí éagsúla atá againn, agus bhí tionchar acu ar na cuspóirí atá sa phlean seo. Tugtar breac-chuntas orthu anseo thíos.

Forbairt eacnamaíoch

Is í an fhorbairt eacnamaíoch bun agus barr gach a ndéanaimid. Clúdaíonn sí forbairt pobail, cruthú fostaíochta, comhionannas deiseanna, comhionannas sóisialta agus gach rud a chuireann lenár gcaighdeán saoil.

An caighdeán saoil - sláinte agus folláine

Is slat tomhais iad sláinte agus folláine mhuintir Chontae Átha Cliath Theas ar a fheabhas is atá ag éirí linn mar shochoaí. Inár gcáil dúinn mar údarás áitiúil, is féidir linn fónamh don fholláine coirp agus intinne óna dtaobh seo de - cuimsiú sóisialta, gníomhaíochtaí áineasa, seirbhísí leabharlainne, cruthú fostaíochta, soláthar tithíochta, bonneagar pobail agus tacaí airgeadais.

Cuimsiú Sóisialta

Bíonn an comhionannas deiseanna agus an fhaill ar dheiseanna lárnach in aon tsochaí a mbíonn an chóir ag roinnt léi. Beidh an cuimsiú sóisialta agus cláir lánpháirtithe don Lucht Siúil, do dhaoine scothaosta, inimircigh, daoine le riachtanais speisialta agus dóibh siúd atá ar an ngannchuid fós lárnach sna cinní beartais uile a dhéanfaimid.

Rannpháirtíocht na ndaoine

Más leis an rialtas áitiúil a bheith rathúil, caithfidh muintir na háite páirt a ghlacadh ar mhaithe le fíis chomhroinnte a bheith ann don toadhchá. Leanfaimid orainn ag dul i gcomhairle agus i dteagmháil le muintir na háite, le heagraíochtaí agus le gnólachtaí i ndáil lenár dtionscadail agus lenár gcláir uile.

Comhoibriú le hearnálacha eile

Ní féidir linn an plean seo a chur i gcrích asainn féin. Beidh cabhair á lorg againn ón earnáil phobail agus dheonach, ó lucht gnó, ón rialtas agus ó earnálacha nach iad chun na torthaí is fearr a bhaint amach do chách.



An timpeallacht feidhmiúcháin

Baineann cúinsí rialaithe, polaitiúla, tapa, faoi réir ag an athrú agus a bhíonn go seasta á scrúdú ag an bpobal leis an timpeallacht ina bhfeidhmíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Mar sin féin, ní foláir súil a chaitheamh ar roinnt de na rudaí a d'fhéadfadh cur isteach ar ár gcumas na cuspóirí atá againn a chur i gcrích.

Cúinsí seachtracha

Is dealraitheach go dtabharfaidh na fachtóirí seachtracha seo a leanas ár ndúshlán sa neastodhcháif:

- **Cúinsí Dlí** – cúinsí dlí agus rialála a bheith ag éirí níos casta ina gcomhthéacs seo - na rialacháin ón AE, riosca agus rialachas, agus reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, gan ach an beagán a lua;
- **Cúinsí Airgeadais** – rachaidh an tsriantacht airgeadais atá i réim fiú agus an geilleagar ag feabhsú tar éis an lagtrá eacnamaíoch, mar aon leis na muirir uisce agus an cháin mhaoine atá tugtha isteach i gcion go suntasach ar an gcinnteoireacht i dtaobh an bhuiséid agus ar ár gcumas maoinithe;
- **Cúinsí Polaitíochta** – táimid freagrach as beartas an rialtais a chur i ngníomh i raon réimsí lena n-áirítear tithíocht, an straitéis spáis náisiúnta, taisteal cliste, athrú aeráide, bainistíocht dramhaíola, agus mar sin de;
- **Cúinsí Socheacnamaíocha** – tá impleachtaí móra maidir le leithroinnt ar acmhainní ag gabháil le dálaí eacnamaíocha atá ag feabhsú, próifílí daonra atá ag athrú, treochtaí san imirce, tithíocht, dúshlán phleanála agus éilimh ó thomhaltóirí;
- **Cúinsí Teicneolaíochta** – beifear ag brath ar a bheith ar an eolas ar an dul chun cinn i gcúrsaí agus i gcleachtais teicneolaíochta lena n-áirítear soláthar seirbhísí ar líne, líonrú sóisialta agus aipeanna chun bheith éifeachtach ó thaobh chúinsí feidhmiúcháin agus ionchais na gcustaiméirí de;
- **Ionchais an Phobail** – tá a bhfuil foghlamtha de bharr dálaí eacnamaíocha le fíordheireanas agus an cháin mhaoine áitiúil agus na muirir uisce a bheith tugtha isteach tar éis cur leis an éileamh ar fhollasacht sa leithroinnt ar acmhainní agus san fheidhmíocht agus caithfimid aghaidh a thabhairt ar an méid sin.



Cúinsí inmheánacha

Is gá dúinn an cumas a bheith againn mar eagraíocht chun an plean corparáideach seo a chur i gcrích. Tiocfaidh an cumas sin go mór faoi thionchar na bhfachtóirí seo a leanas, áfach:

- **Pleanáil don lucht saothair** – beidh athchóiriú leanúnach ar an eagraíocht agus oiriúnú an lucht saothair riachtanach chun ionchais agus treochtaí atá ag teacht chun cinn a shásamh, agus chun aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht;
- **An t-athchóiriú a chur i bhfeidhm** – dúshlán mór i gcomhthéacs líon an lucht oibre a bheith ag laghdú is ea an t-athchóiriú lena n-áirítear ‘Tús Áite do na Daoine’ a chur i bhfeidhm, Uisce Éireann a bheith bunaithe, agus oifigí fiontair áitiúla agus struchtúir forbartha pobail a bheith bunaithe;
- **Éifeachtúlacht níos fearr** – cé gur éirigh linn a bheith níos éifeachtúla le blianta beaga anuas ní foláir dúinn a bheith níos fearr fós trí sheirbhísí a chomhroinnt, tríd an soláthar agus trí nuálaíochtaí i gcúrsaí TCF;

- **Tomhas na feidhmíochta** – ó tharla míshuaimhneas a bheith i measc an phobail mar gheall ar leithroinnt ar acmhainní agus an cháin mhaoine áitiúil a bheith tugtha isteach is gá dúinn creat soiléir a bheith againn chun feidhmíocht a thomhas agus a thuairisciú. Oibreoimid air sin lámh ar lámh leis an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta a bunaíodh le deireanas.
- **Tacaíocht don fhoireann** – is dealraitheach go gcuirfidh gearradh siar foirne, an lánchosc ar earcaíocht agus na ciorruithe pá mar aon leis an ngá atá le ‘níos mó a dhéanamh le níos lú’ isteach ar mheánma na foirne. Is gá dúinn é sin a aithint agus struchtúir thacaíochta a chur in áit.



Cúrsaí eacnamaíocha, fiontar agus forbartha turasóireachta

Cuspóir 1

Tacaíocht a bheith ann don ghnó agus cruthú agus coinneáil post mar phríomhaidhm léi

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:


- straitéis post don chontae a fhoilsiú agus leanúint dá hathbhreithniú;
- an ról atá ag an Oifig Fiontair Áitiúil mar ionad ilfhreastail do ghnólachtaí a mhéadú;
- líonra de ghníomhaireachtaí tacaíochta gnó, oideachais agus fiontar a bhunú chun deiseanna nuálaíochta, taighde agus forbartha a fhiosrú;
- straitéis fostaíochta agus scileanna a ullmhú ina ndéanfar na riachtanais scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a mheaitseáil leis na deiseanna oideachais agus oiliúna atá ann faoi láthair;
- straitéis tacaíochta agus forbartha fiontar don chontae a ullmhú;
- cruinnithe comhairliúcháin do ghnólachtaí miondíola ar fud an chontae a chur sa siúl agus a choinneáil ar siúl;
- straitéisí oiriúnacha a fhiosrú i gcomhar le gnólachtaí chun tabhairt faoi pháirceanna tionscail atá seanaimseartha agus a bhfuil codanna díobh folamh a athbheochan;
- oibriú leis na húdaráis áitiúla inár gcomharsanacht maidir le forbairt eacnamaíoch fhoriomlán mhórchéantar Bhaile Átha Cliath;
- plean eacnamaíochta don chontae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm mar chuid den phróiseas pleanála don phlean áitiúil eacnamaíochta agus pobail;
- deiseanna do dhaoine faoi oiliúint in earnálacha na spóirt agus an fháilteachais i gComhairle Contae Átha Cliath Theas a scrúdú chomh maith le deiseanna do mhic léinn iarchéime agus do phrintísigh sa chomhairle.

Cuspóir 2

Oibriú le gníomhaireachtaí tacaíochta fiontar ar mhaithe le hinfheistiúocht dhíreach eachtrach i gContae Átha Cliath Theas a mhéadú

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- margaíocht ghníomhach a dhéanamh ar Pháirc Gnó Idirnáisiúnta Chaisleán na Gráinsí i gcomhar le hÚdarás Forbartha Tionscail na hÉireann;
- an bonneagar tacaíochta do Chaisleán na Gráinsí lena n-áirítear seirbhísí bóthair, uisce, fuinnimh agus leathanbhanda a chothabháil agus a fheabhsú;
- Páirc Gnó Idirnáisiúnta Chaisleán na Gráinsí a mhéadú má thagann éileamh ó chuideachtaí ilnáisiúnta.



Cuspóir 3

Sócmaisíní Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a bhainistiú ar bhealach a chuideoidh le forbairt eacnamaíoch

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:


- an cúsoláthar talún atá againn a bhainistiú chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus chun na freagrachtaí dlíthiúla atá orainn a chomhlíonadh;
- deiseanna chun díolachán agus ceannach talún straitéisí a scrúdú ar mhaithe leis an gcontae a fhorbairt;
- más iomchuí, talamh a chur ar fáil ar phraghsanna an mhargaidh le haghaidh soláthar sóisialta amhail scoileanna agus saoráidí sláinte nó le haghaidh comhfhiontair leis an earnáil phríobháideach chun tacú le forbairt gnó;
- a chinntiú go mbeidh córais bainistíochta in áit chun tacú le comshocruithe maidir le cíos, léasú agus ceadóin.

Cuspóir 4

A mhéid a chuireann ealaíona, leabharlanna, oidhreacht agus an Ghaeilge leis an gcaighdeán saoil agus leis an sásamh a bhaintear as an turasóireacht, a mhéadú

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- leas a bhaint as an gcultúr atá againn chun ár gcaighdeán saoil a shaibhriú agus chun cuidiú leis an bhforbairt eacnamaíoch;
- leanúint ar aghaidh lenár leabharlanna a bheith lárnach ó thaobh an chultúir, na foghlama ar feadh an tsaoil agus an chaidrimh idir phobail de;
- stair agus oidhreacht Chontae Átha Cliath Theas a chur chun cinn do mhuintir na háite agus do na turasóirí araon;
- tuilleadh infheistíochta a dhéanamh inár gcultúr, inár leabharlanna agus inár n-oidhreacht de réir mar a bheidh riachtanais á n-aithint agus de réir mar a bheidh na hacmhainní ann.



Cuspóir 5

Straitéis turasóireachta dírithe ar tháirge agus ar bhanda nua a fhorbairt a chur i bhfeidhm

Chuige sin, déanfaimid an méid seo:

- na torthaí a tháinig as an straitéis turasóireachta lena n-áirítear an cistiú d'fhorbairt agus do bhonneagar an táirge nua a chur i ngníomh;
- straitéis mhargaíochta agus bhrandála don chontae a chur le chéile;
- comharthaí nua ó thaobh turasóireachta agus oidhreachta de a chur in airde ar fud an chontae;
- oibriú le Fáilte Ireland agus leis an Tascfhórsa Turasóireachta, Grow Dublin, chun tionscnaimh turasóireachta a bheith forleathan sa chontae;
- an chuma atá ar an gcontae a fheabhsú.



Talamhúsáid, pleanáil agus iompar

Cuspóir 1

Clár bliantúil d'oibreacha bóthair lena ngabhadh cothabháil agus feabhsúcháin a chur i ngníomh

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- oibriú leis na húdaráis náisiúnta iompair chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail iompair straitéiseacha;
- na teorainneacha luais sa chontae a athbhreithniú;
- straitéis d'athnuachan, cothabháil agus spáráil fuinnimh sa soilsiú poiblí a ullmhú;
- plean bainistíochta do thodhchaí an lárionaid bainistíochta tráchta atá againn a ullmhú;
- straitéis bhliantúil ar shábháilteacht ar bhóithre a chur i ngníomh;
- clár bliantúil maidir le cothabháil agus feabhsúchán bóithre agus cosán a chur i ngníomh;
- an t-athbhreithniú ar an gcóras páirceála agus gearrtha táillí do charranna a chríochnú;
- na comharthaí atá ar fud an chontae a athbhreithniú agus a fheabhsú.



Cuspóir 2

Struchtúr agus próisis bainistíochta ghairmiúla maidir le pleanáil agus forbairt a bheith ann

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae agus ar Chriosanna Forbartha Straitéisí Bhaile Adaim agus Chluain Buiríosa a chríochnú;
- seirbhís réamhghníomhach a bheith ann maidir le cruinnithe agus seisiúin chomhairleacha réamhphleanála;
- aonad sonraí foirgníochta, eacnamaíochta agus pleanála a bhunú ionas go bhféadfar tuairisciú agus anailís leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíocht phleanála agus foirgníochta;
- forfheidhmiú pleanála agus rialú tógála a bhainistiú;
- Plean Bithéagsúlachta Contae a ullmhú agus an Plean Oidhreachta Contae a athbhreithniú;
- páirt a ghlacadh i gceapadh agus i gcur i ngníomh na Straitéise Spáis agus na Straitéise Eacnamaíochta Réigiúnaí;
- seirbhísí pleanála ar líne a thabhairt isteach;
- feabhas sa dearadh a spreagadh agus a éascú i gcomhar leis an Rannóg Seirbhísí Ailtireachta.



Cuspóir 3

Gach cineál bealach iompair lena n-áirítear siúl agus rothaíocht a chur chun cinn ar mhaithe le gluaiseacht daoine sa chontae agus taobh amuigh den chontae a fheabhsú

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- Plean Comhtháite Contae don tSoghluaisteacht a ullmhú i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair;
- oibriú leis na gníomhaireachtaí iompair náisiúnta chun gach cineál bealach iompair a sholáthar ionas go mbeidh níos mó de cheangal idir na codanna éagsúla den chontae;
- roghanna a scrúdú maidir leis na láithreáin, Páirceáil agus Taistil, a bheidh ann amach anseo;
- bogadh chun cinn le Tionscadal Fhéarbhealach Ghleann na Dothra;
- oibriú leis an Rannóg Pobail chun rothaíocht chun na scoile a spreagadh;
- staidéir agus iniúchóireachtaí ar bhainistíocht tráchta inár lárionaid uirbeacha a chríochnú ionas go bhféadfar gníomh ceartaitheach a ghlacadh;
- tacaíocht a thabhairt chun an Scéim, Rothair Bhaile Átha Cliath, a leathnú;
- mol iompair a lonnú ag Críochfort an Luas i dTamhlacht.



Cuspóir 4

Infheistiú i bPobail Inbhuanaithe agus i dTionscnaimh an Chaighdeáin Saoil

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- an Clár Athnuachana Sráidbhailte a chur i ngníomh;
- tionscadail a ullmhú chun caighdeán ár sráidbhailte a fheabhsú;
- oibriú le hearnálacha eile chun bonneagar sóisialta amhail scoileanna, saoráidí spórt agus pobail a sholáthar, más gá;
- an caighdeán saoil a bheith lárnach sa cheapadh beartais agus sa chinnteoireacht go léir a dhéanfar maidir le pleanáil;



Tithíocht, forbairt shóisialta agus pobail

Cuspóir 1

Clár trí bliana a chur i bhfeidhm chun tithíocht shóisialta a sholáthar i gcomhthéacs Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020

Chuige sin, déanfaimid an méid seo:

- láithreáin a aimsiú agus dul i mbun na riachtanas réamhphleanála faoin gClár Tógálacha Nua don Tithíocht Shóisialta;
- oibriú le comhlachtaí tithíochta ceadaithe, le hearnáil na tithíochta príobháidí ar cíos agus le páirtithe comhfhiontair féideartha chun a oiread aonad tithíochta sóisialta is is féidir a sholáthar;
- an Straitéis Réigiúnach maidir leis an Easpa Dídine a chur i ngníomh i gcomhar leis na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath;
- straitéis tithíochta do dhaoine faoi mhíchumais a chur le chéile agus a chur i ngníomh;
- ár gclár agus ár struchtúr don bhainistíocht agus don chothabháil tithíochta a athbhreithniú, agus a fheabhsú más féidir;
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur i ngníomh;
- leanúint ar aghaidh ag cur scéim na rogha tithíochta dár gcuid i ngníomh, trína ndéantar tithe a bhíonn ar fáil lena ligean le hiarratasóirí incháilithe ar thithíocht, a fhógairt ar shuíomh gréasáin na Comhairle;
- leanúint ar aghaidh ag cur an chláir atá againn don bhainistíocht eastáit agus an chláir i gcoinne an iompair fhrithshóisialta i ngníomh.

Cuspóir 2

Ról ceannaireachta a ghlacadh sa chuimsiú sóisialta agus sa chomhoibriú idirghníomhaireachtaí

Chuige sin, déanfaimid an méid seo:

- na straitéisí atá againn ar lánpháirtiú agus ar chuimsiú sóisialta a chur i ngníomh;
- leanúint ar aghaidh ag tacú leis an gcoiste aoisbhách contae agus le coiste na seirbhísí do leanaí;
- an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a úsáid ionas go mbeidh an comhoibriú idirghníomhaireachtaí á dhíriú go príomha air;
- plean áitiúil eacnamaíochta agus pobail sé bliana a ullmhú i dteannta Choiste Forbartha an Phobail Áitiúil;
- cabhair a thabhairt le straitéis ar phóilíneacht chomhpháirteach don chontae a ullmhú agus a chur i ngníomh;
- a chinntiú go dtacóidh cistiú pobail an údaráis áitiúil leis an gcuimsiú sóisialta;
- leanúint ar aghaidh ag cur an chuimsithe shóisialta chun cinn tríd an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta;
- úsáid a bhaint as ár n-ionaid phobail chun fáil ar sheirbhísí, ar eolas agus ar líonraí sóisialta a fheabhsú.




Cuspóir 3

Sláinte, folláine, áineas agus gníomhaíocht a chur chun cinn ar mhaithe leis an gcaighdeán saoil a fheabhsú

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- oibriú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus le hInstitiúid Shláinte an Daonra ar threoirscéimeanna bainteach leis an Straitéis, Healthy Ireland, lena n-áirítear an clár, cathair fholláin;
- leanúint ar aghaidh ag cur Sheachtain na Sláinte agus na Folláine chun cinn ar fud an chontae;
- clár spóirt agus áineasa a ullmhú agus a chur i bhfeidhm gach bliain chun níos mó gníomhaíochta a spreagadh i measc leanaí agus i measc daoine de gach aois agus cumas;
- níos mó úsáide a bhaint as Staid Thamhlachta le haghaidh gníomhaíochta agus áineasa;
- iniúchóireacht a dhéanamh ar na saoráidí pobail agus áineasa agus aon easnamh a chur ina cheart;
- leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht airgid do na cláir a bheidh ag ár n-oifigeach forbartha spóirt;
- úsáid a bhaint as ár saoráidí fóillíochta chun tacú leis an gcuspóir seo.



Cuspóir 4

Ceannaireacht agus forbairt pobail a éascú trí rannpháirtíocht agus trí chumhachtú an phobail

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- an Líonra Comhpháirtíochta Pobail a chur ar bun agus cabhair a thabhairt chun é a fheidhmiú;
- leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bpóilíneacht áitiúil trí Struchtúir an Chomhchoiste Póilíneachta;
- ár ndeontais pobail a athbhreithniú chun cinntiú go dtacóidh siad leis an gcuspóir sin;
- freagracht saoránaigh agus imeachtaí amhail Comórtas na mBailte Slachtmhara, féilte áitiúla agus tionscadail phobail a chur chun cinn;
- éachtaí pobail a aithint trí scéim nua, Scéim na nGradam Díchill;
- úsáid a bhaint as ár n-ionaid phobail chun tacú leis an gcuspóir sin;
- dul i gcomhairle leis na pobail áitiúla ar mhaithe lena chinntiú go dtacóidh siad lenár mbeartais agus lenár gclár.

Comhshaol, uisce agus athrú aeráide

Cuspóir 1

An chuma atá ar an gcontae seo againn a fheabhsú ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:


- clár cothabhála agus feabhsúchán seachtrach a chur i gcrích, lena n-áirítear an féar a ghearradh go rialta;
- an tírdhreachú ar na bóithre isteach sa chontae seo a fheabhsú;
- straitéis bainistíochta crann a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm agus an clár prúnála agus athsholáthair bliantúil a bheith san áireamh inti;
- an reachtaíocht i ndáil le láithreáin thréigthe agus chontúirteacha a chur i ngníomh;
- clár sceidealaithe don ghiantachán sráideanna a chur i gcrích;
- straitéis athbhreithnithe ar bhainistíocht an bhruscair sa chontae a chur i bhfeidhm;
- scéim urraíochta do thírdhreachú na dtimpeallán a thabhairt isteach.

Cuspóir 2

Inbhuanaitheacht an chomhshaoil a bheith ina páirt de na cláir uile don cheapadh beartas agus don chur i bhfeidhm

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- straitéis ar an oiriúnú don athrú aeráide a ullmhú agus a chur i bhfeidhm;
- an plean bainistíochta dramhaíola réigiúnach a chur i ngníomh;
- oibriú le hUisce Éireann chun córas soláthair uisce agus córas bailithe dramhuisce a sholáthar agus a fheabhsú;
- leanúint ar aghaidh ag cur an chlár atá againn don chaomhnú uisce i ngníomh;
- oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun plean bainistíochta riosca i gcás tuilte don chontae a chur i ngníomh;
- oibriú le húdaráis áitiúla eile agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) chun an Plean do Cheantar Abhantraí an Oirthir a chur i ngníomh;
- leanúint ar aghaidh i mbun monatóireachta agus forbartha ar ár gcóras bailithe uisce dromchla.



Cuspóir 3

Na ról rialála, cheadúnaithe agus forfheidhmithe atá againn a bhainistiú i dteannta leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhíse réamhghníomhaí maidir le forfheidhmiú na rialachán dramhaíola;
- oibriú leis an GCC ar gach aon ghné den cheadúnú i ndáil le dramhaíl;
- monatóireacht a dhéanamh ar ár rialacháin chomhshaoil agus ar ár bhfodhlíthe agus iad a chur i bhfeidhm chun ár gcomhshaoil nádúrtha, lena n-áirítear ár n-aibhneacha agus ár locha, a chosaint;
- ár n-oibleagáidí faoin reachtaíocht um Rialú Capall agus Madraí a chomhlíonadh;
- leanúint ar aghaidh ag tacú lenár gcláir feasachta san oideachas comhshaoil;
- ár n-oibleagáidí conartha le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a chomhlíonadh;
- leanúint ar aghaidh ag cistiú agus ag feabhsú ár seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, lena n-áirítear pleanáil éigeandála;
- caighdeáin cháilíocht an aeir a chosaint de réir na dTreoracha ón AE maidir le Cáilíocht an Aeir;
- An Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn do Bhaile Átha Cliath agus na rialacháin a ghabhann leis a chur i bhfeidhm.

Cuspóir 4

Ár bpáirceanna agus ár limistéir áineasa a chothabháil agus a fheabhsú chun cur lenár gcaighdeán saoil

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- ár bpáirceanna a choinneáil ar an gcaighdeán is airde agus iad a leathnú más féidir;
- an úsáid is fearr a bhaint as ár n-áineasa áineasa ar mhaithe leis an tsláinte agus leis an bhfolláine;
- áiteanna súgartha a sholáthar nó áiteanna súgartha atá ann a leathnú;
- breathnú ar bhealaí ina bhféadfaí cur lenár scéimeanna cuibhrinn;
- deiseanna áineasa ó thaobh na tráchtála de inár bpáirceanna réigiúnacha a scrúdú i gcomhar leis an Rannóg um Fhorbairt Eacnamaíoch;
- straitéis ar pháirceanna agus ar spásanna oscailte a chur le chéile don chontae.



Cumas agus freagracht na heagraíochta

Cuspóir 1

Tacú leis an daonlathas áitiúil lena n-áirítear an ról ceaptha beartas agus uirill atá ag na comhairleoirí

Chuíge sin, déanfaimid an méid seo:

- cláir oiliúna a bheith ann do chomhairleoirí;
- tacú leis an daonlathas áitiúil trí bheith i mbun cumarsáide, comhairle agus aiseolas a fháil ó mhuintir na háite;
- Córas Uiríoll Comhaltaí do Chomhairleoirí a bhainistiú agus a chothabháil ionas go bhféadfaidh siad uirill a dhéanamh thar ceann na ndaoine ina ndáilcheantair;
- oifig agus tacaíocht riaracháin a sholáthar do Mhéara Átha Cliath Theas;
- tacú le ról na gcomhairleoirí maidir le ceapadh beartas, rialachas agus maoirseacht;
- Clár na dToghthóirí a choinneáil.



Cuspóir 2

Córais láidre a sholáthar don bhainistíocht airgeadais, don bhainistíocht riosca, don iniúchóireacht agus don rialachas corparáideach

Chuíge sin, déanfaimid an méid seo:

- rialuithe buiséid a chur i bhfeidhm i ngach clár ioncaim agus caiteachais chaipitiúil;
- a chinntiú go mbeidh beartais agus struchtúir i bhfeidhm chun fiacha a bhailiú agus ioncam a ardú;
- rannán iniúchóireachta inmheánaí a choinneáil agus tacú leis na hiniúchóirí seachtracha agus leis an gcoiste iniúchóireachta;
- clár rioscaí na comhairle a choinneáil agus a athbhreithniú go rialta;
- leanúint ar aghaidh ag úsáid an chleachtas is fearr sa sreabhadh airgid, sa chisteán agus sa bhainistíocht airgeadais;
- 'luach ar airgead' a bheith ina cuspóir lárnach;
- an t-aonad seirbhísí dlí a choinneáil agus tacú leis;
- ár bpáirt i seirbhísí comhroinnte náisiúnta agus réigiúnacha a mhéadú;
- plean soláthair chorparáidigh a chur i bhfeidhm.



Cuspóir 3

Leas a bhaint as an dul chun cinn i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) chun bheith níos éifeachtúla agus chun seirbhísí do mhuintir na háite a fheabhsú

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:


- a chinntiú go mbeidh ár mbonneagar TFC agus na seirbhísí tacaíochta cothrom le dáta;
- plean straitéiseach TFC a ullmhú don eagraíocht;
- teicneolaíocht inlín a úsáid don chumarsáid inmheánach;
- cur lenár seirbhísí ar líne don phobal más féidir;
- cabhair a thabhairt chun córais monatóireachta agus tuairiscithe feidhmíochta a chur le chéile i ndáil le gníomhaíochtaí na Comhairle;
- córas coinneála agus bainistíochta eolais chorparáidigh a cheapadh chun eolas a bhailiú, cur leis, a roinnt agus a úsáid go héifeachtach chun cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach;
- leas a bhaint as TFC chun costais a ísliú agus freisin chun éifeachtúlacht a fheabhsú sna réimsí seo-bainistíocht sonraí, idirbhearta, seirbhísí comhroinnte agus seirbhísí próisis gnó;
- tacú le bainistíocht tionscadal ar fud na heagraíochta;
- úsáid níos forleithne a bhaint as teicneolaíocht na gCóras Faisnéise Geografaí chun sonraí spáis a bhailiú agus a bhainistiú.

Cuspóir 4

Modhanna cumarsáide a chuirfidh ar chumas mhuintir agus eagraíochtaí na háite teagmháil a dhéanamh leis an gcomhairle a fhorbairt agus a chothabháil

Chuirge sin, déanfaimid an méid seo:

- straitéis cumarsáide inmheánach agus sheachtrach a cheapadh agus a chur i bhfeidhm;
- plean soláthair seirbhíse bliantúil a fhoilsiú;
- oibriú le rannóga eile chun bealaí a fhorbairt trína mbeadh sé níos éasca don phobal teagmháil a dhéanamh leis an gcomhairle trí TFC;
- beartas maidir leis na meáin shóisialta a cheapadh agus a chur i ngníomh;
- ár bplean gníomhaíochta do chustaiméirí a athbhreithniú lena n-áirítear na caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí;
- leas a bhaint as na meáin shóisialta, seirbhísí gréasáin, nuachtlitreacha agus líonraí pobail chun eolas a scaipeadh;
- maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh scéim na Gaeilge;
- maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na straitéise dár gcuid a thacaíonn leis an litearthacht.



Cuspóir 5

Tacú le forbairt agus le feidhmíocht na foirne agus na heagraíochta tríd an gcleachtas is fearr a chur i ngníomh sa bhainistíocht acmhainní daonna

Chuige sin, déanfaimid an méid seo:

- córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm don eagraíocht ina hiomláine;
- tabhairt faoi chlár pleanála agus comharbais lucht oibre;
- clár sláinte cheirde agus leasa foirne a thabhairt isteach;
- clár aitheantais do bhaill foirne a thabhairt isteach mar bhealach a thacóidh leis an nuálaíocht agus leis an gcruthaitheacht;
- an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus an Creat Inniúlachta a chur i ngníomh agus an fhoireann a chur faoi oiliúint ina dtaobh;
- tacú le soghluaisteacht, forbairt agus dul chun cinn gairme na mball foirne;
- struchtúir rannpháirtíochta agus cumarsáide na foirne a fheabhsú mar chuid de phróiseas an CBFF;
- beartais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun tacú leis an éagsúlacht, le comhionannas agus le cearta an duine;
- tacú le nósmaireacht an fheabhsaithe leanúnaigh agus na bainistíochta athruithe;
- tuarascálacha feidhmíochta a chur i dtoll a chéile i gcomhar leis an gCoiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta;
- na struchtúir bainistíochta saoráidí dár gcuid a athbhreithniú agus a fheabhsú, más féidir.




Cur i ngníomh, monatóireacht agus athbhreithniú


Tá na tosaíochtaí atá againn, agus na héilimh agus na dúshlán atá romhainn, mar aon lenar féidir linn a bhaint amach, dar linn, sna cúig bliana seo chugainn leagtha amach sa phlean seo. Is cinnte go dtiocfaidh athrú ar dhálaí agus ní mór é a bheith ar chumas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas í féin a chur in oiriúint d'athruithe den sórt fad is a bheidh an plan seo i réim. Aithneoidimid na dálaí athraitheacha sin tríd an bpróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe leanúnach a bheidh againn.

Gach mí, cuirfidh an fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin tuarascáil ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht faoi bhráid na Comhairle mar chuid den Tuarascáil Bainistíochta. Faoi dhó sa bhliain, tabharfaidh an Grúpa Beartais Chorporáidigh (GBC) faoi athbhreithniú níos mionsonraithe. Déanfar aon athrú is gá ar an bplan de bharr an athbhreithnithe mhionsonraithe sin. Beidh siad sin san áireamh sa tuarascáil bhliantúil a chuirfear faoi bhráid na Comhairle.


Tugann an Chomhairle tuairisc ar 46 tháscaire feidhmíochta gach bliain. Foilsítear iad sa tuarascáil bhliantúil a mbíonn fáil uirthi ar líne ar www.sdcc.ie. I láthair na huair, tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta a bunaíodh le deireanas ag breathnú ar tháscairí feidhmíochta breise do na húdaráis áitiúla. A thús is a thíocfar ar chomhaontú ina dtaobh seo, cuirfidimid san áireamh iad sa tuarascáil bhliantúil agus sa phlean soláthair seirbhíse bliantúil dár gcuid.



Aguisín 1 – An Plean Oibre Bliantúil agus an Chairt don Chur i nGníomh




Aguisín 2 – An Grúpa Beartais Chorporáidigh / An Ardbhainistíocht



An Grúpa Beartais Chorporáidigh

Is é an Méara, a bhíonn ina chathaoirleach ar an ngrúpa, mar aon leis na Cathaoirligh a bhíonn ar gach aon cheann de na Coistí um Beartais Straitéiseacha comhaltaí an GBC agus faigheann siad tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach.

Is é an GBC a chomhordaíonn agus a chuireann le chéile an obair a dhéanann na CBSanna éagsúla agus a ghníomhaíonn mar fhóram inar féidir na cinntí beartais a dhéanann difear don Chomhairle ina hiomláine a chomhaontú lena moladh don Chomhairle iomlán.



Aguisín 3 – Comhairliúchán

Na Daoine a ndeachthas i gcomhairle leo i ndáil leis an bPlean Corparáideach seo

- Na Comhairleoirí
- Comhaltaí den Oireachtas
- An Fhoireann
- An Pobal (trí shuirbhé ar líne, an suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, fógraí sna nuachtáin áitiúla, na leabharlanna agus suíomhanna gréasáin na leabharlann)

Na hEagraíochtaí a ndeachthas i gcomhairle leo i ndáil leis an bPlean Corparáideach seo

- Coiste na Seirbhísí do Leanaí
- Comhairle na nÓg
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- An Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

- Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann
- An Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht
- An Comhchoiste Póilíneachta
- An Oifig Fiontar Áitiúil
- An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair
- An Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- Comhlachas Tráchtála Átha Cliath Theas
- An Coiste Comhairleach um Míchumas, Contae Átha Cliath Theas
- Comhpháirtíocht Átha Cliath Theas
- Comhpháirtíocht Spóirt Átha Cliath Theas
- Turasóireacht Átha Cliath Theas
- Ospidéal Thamhlachta
- Staid Thamhlachta
- Tús Nua - Líonra do Dhaoine Scothaosta



Aguisín 4 – Do Chomhairleoirí

Cluain Dolcáin



An Cnr. Breda Bonner – Páirtí an Lucht Oibre
bbonner@clrs.sdublincoco.ie



An Cnr. Kenneth Egan – Fine Gael
kegan@clrs.sdublincoco.ie



An Cnr. Trevor Gilligan – Fianna Fáil
tgilligan@clrs.sdublincoco.ie



An Cnr. Jonathan Graham – Sinn Féin
jgraham@clrs.sdublincoco.ie



An Cnr. Emer Higgins – Fine Gael
ehiggins@clrs.sdublincoco.ie



An Cnr. Gino Kenny – People Before Profit
gkenny@clrs.sdublincoco.ie



An Cnr. Eoin Ó'Broin – Sinn Féin
eobroin@clrs.sdublincoco.ie



An Cnr. Francis Timmons – Neamhspleách
ftimmons@clrs.sdublincoco.ie

Leamhcán



An Clr. Vicki Casserly – Fine Gael
vcasserly@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Paul Gogarty – Neamhspleách
pgogarty@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. William Lavelle – Fine Gael
wlavelle@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Ruth Nolan – People Before Profit
ruthnolan@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Danny O'Brien – Sinn Féin
dannyobrien@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Ed O'Brien – Fianna Fáil
eobrien@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Guss O'Connell – Neamhspleách
goconnell@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Liona O'Toole – Neamhspleách
lotoole@cllrs.sdublincoco.ie

Ráth Fearnáin



An Clr. Anne-Marie Dermody – Fine Gael
amdermody@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Paula Donovan – Fine Gael
pdonovan@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Francis Duffy – An Comhaontas Glas
fduffy@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Sarah Holland – Sinn Féin
sholland@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. John Lahart – Fianna Fáil
jlahart@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Deirdre O'Donovan – Neamhspleách
dodonovan@cllrs.sdublincoco.ie

Tamhlacht Láir

An Clr. Máire Devine – Sinn Féin
mdevine@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Mick Duff – Páirtí an Lucht Oibre
mduff@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Brendan Ferron – Sinn Féin
bferron@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Kieran Mahon – Anti-Austerity Alliance
kmahon@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Mick Murphy – Anti-Austerity Alliance
mmurphy@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Charlie O'Connor – Fianna Fáil
coconnor@cllrs.sdublincoco.ie

Tamhlacht Theas

An Clr. Nicky Coules – People Before Profit
ncoules@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Louise Dunne – Sinn Féin
ldunne@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Martina Genockey – Páirtí an Lucht Oibre
mgenockey@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Cathal King – Sinn Féin
cathalking@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Brian Leech – Anti-Austerity Alliance
bleech@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Dermot Richardson – Neamhspleách
drichardson@cllrs.sdublincoco.ie

Teach Mealóg-Tír an Lúir



An Clr. Colm Brophy – Fine Gael
cbrophy@cllr.s.dublincoco.ie



An Clr. Paul Foley – Fianna Fáil
pfoley@cllr.s.dublincoco.ie



An Clr. Pamela Kearns – Páirtí an Lucht Oibre
pkearns@cllr.s.dublincoco.ie



An Clr. Dermot Looney – Neamhspleách
dlooney@cllr.s.dublincoco.ie



An Clr. Ronan McMahon – Neamhspleách
rmcmahon@cllr.s.dublincoco.ie



An Clr. Fintan Warfield – Sinn Féin
fwarfield@cllr.s.dublincoco.ie

Is é an rialtas áitiúil go príomha a bheidh freagrach as rialachas agus seirbhísí poiblí ag an leibhéal áitiúil - déanfaidh sé forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus pobail a stiúradh, seirbhísí éifeachtúla agus ar luach maith a sheachadadh, agus déanfaidh sé ionadaíocht chomh héifeachtach agus chomh cuntasach agus is féidir ar shaoránaigh agus ar phobail áitiúla.

Tús Áite do na Daoine - Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach



Comhairle Contae Átha Cliath Theas
Halla an Chontae, Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24

Fón: 01 414 9000
R/phost: info@sdublincoco.ie
Idirlíon: www.athcliaththeas.ie

Faigh agus Lean muid

